Tá sé de chúram ar chách sábháilteacht agus sláinte a chinntiú ag an obair. Is chun do leasa é. Is chun leas an ghnó é.

# Feachtas um Ionaid Oibre Shláintiúla 2023-2025



## Obair shlán shábháilte sa ré dhigiteach

**#EUhealthyworkplaces**

**www.healthy-workplaces.eu**

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Ionaid Oibre Shláintiúla

# Réamhrá

Cuireann teicneolaíochtaí digiteacha seirbhísí agus réitigh riachtanacha ar fáil do gach earnáil den gheilleagar agus den tsochaí. Ní hamháin go bhfuil athrú ag teacht ar an gcaoi a n-oibrímid leis na teicneolaíochtaí digiteacha, ach ar an áit agus ar an dóigh a n-oibrímid freisin.

Tacaíonn róbataic agus intleacht shaorga (IS) le pearsanra atá ag feidhmiú i dtimpeallachtaí guaiseacha, agus tagann siad ina n-ionad. Cumasaíonn olltiomsú sonraí córais monatóireachta níos éifeachtaí. Cuireann cianobair níos mó neamhspleáchais agus solúbthachta ar fáil d'fhostaithe.

D'ainneoin na dtairbhí a bhaineann leis, tá tionchar an digitithe ar shábháilteacht agus ar shláinte ag an obair (OSH) ag teacht chun cinn go fóill agus ní rianaítear go suntasach é. Tá sé tábhachtach na dúshláin agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú agus an creat rialála lena gcuirtear sábháilteacht agus sláinte oibrithe chun cinn agus lena gcosnaítear iad a oiriúnú dá réir sin.

Má ghlactar cur chuige atá dírithe ar an duine agus teicneolaíochtaí digiteacha á ndearadh, á gcur chun feidhme, á mbainistiú agus á n-úsáid, is féidir cabhrú le sábháilteacht oibrithe agus táirgiúlacht ghnó a áirithiú.

# Maidir leis an bhfeachtas

Is iad seo a leanas na cuspóirí:

- cur leis an eolas faoi úsáid shábháilte agus tháirgiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha ar fud na n-earnálacha uile;
- feasacht a mhúscailt maidir le dúshláin OSH a bhaineann le claochlú digiteach na hoibre;
- eolas a thabhairt faoi rioscaí agus faoi dheiseanna atá ag teacht chun cinn;
- measúnú riosca agus bainistiú sábháilte ar theicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn san ionad oibre;
- malartú faisnéise agus dea-chleachtas a spreagadh i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha.



©iStockphoto / Hiraman

**Tugann an feachtas aghaidh ar na cúig réimse tosaíochta seo a leanas:**

1. **obair ardáin dhigitigh**
2. **uathoibriú cúraimí**
3. **cianobair agus obair hibrideach**
4. **bainistiú oibrithe tríd an intleacht shaorga**
5. **córais chliste dhigiteacha.**

# Cé a fhéadfaidh páirt a ghlacadh inti?

Gach duine aonair nó eagraíocht leasmhar, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta araon, de mhéid ar bith agus ó aon earnáil, go háirithe:

- fostóirí, bainisteoirí, oibrithe agus ionadaithe OSH san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach;
- pointí fócais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) agus comhpháirtithe sóisialta agus a líonraí;
- coistí um idirphlé sóisialta earnála;
- lucht déanta beartas;
- pobal taighde OSH agus pobail theicniúla OSH;
- cigireachtaí saothair agus a gcomhlachais;
- údaráis árachais shóisialta agus údaráis reachtúla árachais timpiste;
- sainghrúpaí idirdhisciplíneacha (eitic, dlí, TF);
- forais oideachais agus earnáil an oideachais i gcoitinne;
- dearthóirí bogearraí, ríomhchláraitheoirí agus soláthraithe, agus dearthóirí tionsclaíocha (IS);
- pobal gnólachtaí nuathionscanta;
- na meáin.

***Tá sé ríthábhachtach muinín a chothú trí oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo agus trí ligean dóibh páirt a ghlacadh i ndearadh agus i gcur chun feidhme teicneolaíochtaí agus córas digiteach.***

# Conas is féidir páirt a ghlacadh?

- Feasacht a mhúscailt trí ábhair feachtais a scaipeadh.
- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú, amhail ceardlanna, cúrsaí oiliúna agus comórtais.
- Uirlisí agus acmhainní a chur chun cinn chun rioscaí OSH a bhaineann leis an digitiú a bhainistiú.
- Dea-chleachtais a roinnt i measc do líonraí.
- Páirt a ghlacadh i nDámhachtainí Dea-Chleachtais na nIonad Oibre Sláintiúil.
- Páirt a ghlacadh sna Seachtainí Eorpacha um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fógraíochta ar na meáin shóisialta.
- Bheith i do chomhpháirtí oifigiúil feachtais nó i do chomhpháirtí sna meáin.

# Tuilleadh eolais agus acmhainní

Féach ar ***www.healthy-workplaces.eu/*** chun tuilleadh eolais agus acmhainní éagsúla a fháil chun cabhrú leat an feachtas a chur chun cinn agus tacú leis, mar shampla:

- treoirleabhar agus foireann uirlisí an fheachtais, agus ábhar fógraíochta eile;
- tuarascálacha, nuachtlitreacha, bileoga eolais agus ailt OSHwiki;
- uirlisí, grafaicí faisnéise, ábhair chlosamhairc agus treoir maidir le dea-chleachtas;
- seisiúin faisnéise ar líne maidir le gach réimse tosaíochta.

***Lean sinn ar na meáin shóisialta:***
***#EUhealthyworkplaces***



©iStockphoto / ipopba



©iStockphoto / fotografixx

# Dátaí tábhachtacha

**Seoladh an fheachtais:**
Deireadh Fómhair 2023

**Seachtainí Eorpacha um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair:**
Deireadh Fómhair 2023, 2024 agus 2025

**Imeacht Malartaithe Dea-Chleachtais in Ionaid Oibre Shláintiúla:**
Earrach 2025

**Torthaí na nDámhachtainí Dea-Chleachtais in Ionaid Oibre Shláintiúla:**
Aibreán 2025

**Cruinniú Mullaigh na nIonad Oibre Sláintiúil:**
Samhain 2025

Cuidíonn **EU-OSHA** le háit oibre níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla a dhéanamh den Eoraip. Bunaithe ag an Aontas Eorpach in 1994 agus í lonnaithe in Bilbao na Spáinne, déanann an ghníomhaireacht taighde ar fhaisnéis sábháilteachta agus sláinte atá iontaofa, cothrom agus neamhchlaonta, forbraíonn agus dáileann sí an fhaisnéis sin, agus déanann sí líonrú le heagraíochtaí ar fud na hEorpa chun dálaí oibre a fheabhsú.

Ina theannta sin, reáchtálann EU-OSHA Feachtais na nIonad Oibre Sláintiúil, a fhaigheann tacaíocht ó institiúidí an AE agus ó chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha, arna gcomhordú ag líonra pointí fócasacha na gníomhaireachta ar an leibhéal náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag Feachtas na nIonad Oibre Sláintiúil 2023–2025 **'Obair shábháilte agus shláintiúil sa ré dhigiteach'** feasacht a mhúscailt maidir leis na dúshláin agus na rioscaí a bhaineann le OSH a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha agus maidir leis an ngá atá ann iad a bhainistiú ar bhealach sábháilte agus sláintiúil lena gcuirtear cultúr coisicthe rioscaí chun cinn.

**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair**
C/Santiago de Compostela 12
48003 Bilbao, AN SPÁINN

Seoladh ríomhphoist: ***information@osha.europa.eu***

***www.healthy-workplaces.eu***

© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, 2023
Údaraítear atáirgeadh ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse.Chun aon ghrianghraf a atáirgeadh nó a úsáid faoi aon chóipcheart eile seachas EU-OSHA, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóir an chóipchirt. Léiríonn na grianghraif a úsáidtear san fhoilseachán seo raon gníomhaíochtaí oibre. Ní gá go léiríonn siad dea-chleachtais ná comhlíonadh na gceanglas reachtach.

Print: ISBN 978-92-9479-939-5, doi:10.2802/80735, TE-07-22-586-GA-C · PDF: ISBN 978-92-9479-940-1, doi:10.2802/79975, TE-07-22-586-GA-N